Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

# Nochtadh na Staire



**Kathleen Clarke**

Poblachtach, Polaiteoir Feachtasóir

## Réamhrá

Mar ghníomhaí poblachtach, mar bhaintreach ó Éirí Amach na Cásca 1916, mar thiomsaitheoir maoinithe le haghaidh carthanachtaí agus mar fheachtasóir ar son an athraithe shóisialta, ba dhuine tábhachtach í **Kathleen Clarke** le linn thréimhse réabhlóideach na hÉireann. Bhí ról ríthábhachtach aici i mbunú Chumann na mBan ach chomh maith leis sin, bhunaigh sí an charthanacht, an Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann tamall gearr i ndiaidh dá fear céile Tom agus dá deartháir Ned Daly a bheith curtha chun báis sa bhliain 1916. Agus í mar bhaintreach, Bean Tom Clarke, agus mar phríosúnach polaitiúil, ba chuid luachmhar í den bholscaireacht phoblachtach agus de na feachtais thiomsaithe airgid le linn Chogadh na Saoirse. Bhí sí ina ball tábhachtach de Shinn Féin, ina comhairleoir de chuid Bhardas Bhaile Átha Cliath agus ina Teachta Dála. Ina dhiaidh sin ar fad, ba í an chéad bhean a bhí mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Rinne Clarke feachtasaíocht le haghaidh ionadaíocht pholaitiúil níos fearr do mhná agus ar son athraithe sóisialta, cúram sláinte do pháistí bochta san áireamh. Chosain Kathleen Clarke clú a fir chéile go síoraí agus go neamhbhalbh i gcaitheamh a saoil fhada.

## Digitiú ar Fhoinse Phríomha Leabharlann

Bunaítear an PDF seo ar ábhar phríomha, atá i dtaisce i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ábhar ar ndearnadh digitiú air chun Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain a cheiliúradh (1912-1923). Tá réimse doiciméad ann idir litreacha pearsanta, cuimhní cinn, páipéir oifigiúla agus lámhbillí, mar aon le léarscáileanna agus grianghraif. Tá na doiciméid seo ina gcabhair chun comhthéacs a fháil maidir le cinntí agus meon na bhfear agus na mban, Kathleen Clarke ina measc, a raibh tionchar acu ar thréimhse na réabhlóide in Éirinn.

# Pointí Tábhachta

## 1914

### Cumann na mBan

Chuidigh Kathleen Clarke le bunú Chumann na mBan, a bunaíodh ar an 2 Aibreán 1914 mar eagraíocht pharaimíleatach phoblachtach le haghaidh na mban agus mar chór cúnta ag Óglaigh na hÉireann arbh fhir iad ar fad.

## 1916

### An Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann

Bhunaigh Clarke an Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann (IDVF) cúpla lá i ndiaidh bhás a fir chéile Tom, a cuireadh chun báis sa bhliain 1916. Bhí tábhacht ag baint leis an IVDF mar thiomsaitheoir airgid ar son na dteaghlach a buaileadh go le hÉirí Amach na Cásca agus mar uirlis bholscaireachta ghinearálta ag cur cúis na réabhlóide in Éirinn chun cinn.

## 1917

### Coiste Feidhmiúcháin Shinn Féin

Agus í ina leasuachtarán ar Chumann na mBan, toghadh Kathleen Clarke ar Chomhairle Feidhmiúcháin Shinn Féin, áit a ndearna sí feachtasaíocht chun go mbeadh mná an pháirtí ar comhchéim leis na fir ó thaobh a gceart polaitiúil agus na hionadaíochta de.

## 1918

### Gafa

Nuair a gabhadh í le linn an loctha a rinneadh i ndiaidh na 'comhcheilge Gearmánaí' i mí na Bealtaine 1918, cuireadh Clarke go Príosún Holloway i Londain, príosún le haghaidh ban amháin, ar feadh tréimhse naoi mí, áit a raibh an Chuntaois Markievicz agus Maud Gonne ina teannta.

## 1919–1920

### Bardas Bhaile Átha Cliath

Nuair a toghadh Kathleen Clark ar Bhardas Bhaile Átha Cliath, chuaigh sí i mbun feachtasaíochta chun go n-aithneofaí rialtas Shinn Féin le linn Chogadh na gCarad in Éirinn. Chomh maith leis sin, bhí sé mar uachtarán ar chúirt phoblachtach na bpáistí agus chuidigh sí le bunú Chros Bhán na hÉireann. Le linn Chogadh na Saoirse, bhí Kathleen Clarke gníomhach mar chúiréir, ag smugláil airgid agus uirlisí troda chuig trodaithe an IRA.

## 1921

### Dáil Eireann

Toghadh Clarke chun na Dála ar son dáilcheantar Bhaile Átha Cliath Láir sa bhliain 1921. Labhair sí go paiseanta i gcoinne an Chonartha Angla-Éireannaigh sa Dara Dáil agus thaobhaigh sí leis an lucht frith-chonartha i gCogadh na gCarad a thit amach ina dhiaidh sin.

## 1922–1923



### An IRA i gcoinne an Chonartha

Le linn Chogadh na gCarad, bhí róil lárnacha ag Kathleen Clarke i gCumann na mBan agus san IRA a bhí i gcoinne an Chonartha, i gcúrsaí cumarsáide, lóistíochta agus tiomsaithe airgid. Chaill sí a suíochán sa Dáil sa bhliain 1922 ach ghlac sí leis an Saorstát nua ar deireadh thiar thall.

## Fíníneach

Rugadh Kathleen Daly i dteaghlach tábhachtach Fíníneach i Luimneach ar 11 Aibreán 1878.  Ba ghníomhaithe Fíníneacha iad a hathair Edward agus a huncail John araon agus bhí sí féin ina poblachtach míleatach faoin am ar phós sí Tom Clarke i Nua-Eabhrac in 1901. Nuair a d'fhill muintir Clarke abhaile ó Mheiriceá sa bhliain 1907, bhí an siopa nuachtáin is tobac acu, a bhí suite ar Shráid Parnell i dtosach agus ansin ar Shráid Amiens, mar ionad gníomhach ag na poblachtaigh. Chuidigh a fear céile, a bhí ar dhuine dóibh siúd a shínigh Forógra 1916, le hathbheochan Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann agus le bunú Óglaigh na hÉireann in 1913. Bhí a deartháir, Edward 'Ned' Daly, ar cheann de na chéad daoine a chuaigh isteach sna hÓglaigh agus tamall ina dhiaidh sin, chuaigha deirfiúr Madge isteach i gCumann na mBan in éineacht le Kathleen.




Grianghraf de Kathleen Daly a tógadh i Luimneach sula ndeachaigh sí ar imirce go Meiriceá sa bhliain 1901 chun Tom Clarke a phósadh. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (TC 4) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000277295**


## Milíteach

Bunaíodh Cumann na mBan go foirmiúil in 1914 mar eagraíocht bhan a d'oibreodh in éineacht le hÓglaigh na hÉireann. Ba bhall ríthábhachtach í Kathleen Clarke den chéad bhrainse den eagraíocht phoblachtach, an Ard Chraobh ar Shráid Brunswick, i mBaile Átha Cliath. I dtosach bhí sí ar an gCoiste Feidhmiúcháin, mar ar chuidigh sí le dréachtú an fhorógra aige, agus ina dhiaidh sin, bhí sí mar Leas-Uachtarán ann. D'oibrigh Cumann na mBan go dlúth le hÓglaigh na hÉireann roimh Éirí Amach na Cásca 1916 agus lena linn ag iompar arm agus ag seachadadh teachtaireachtaí. Cuireadh Clarke faoi mhionn an IRA sular thosaigh an troid agus thug a fear céile pleananna na réabhlóide di ionas go bhféadfadh sí teagmháil a choinneáil le gréasán na bpoblachtach sa gcás go dteipfeadh ar an éirí amach.

# Bunaíodh Cumann na mBan go foiimiúil mar eagraíocht bhan a d'oibreodh in éineacht leis na Irish Volunteers



Grianghraf gan dáta de chruinniú Ard Chraobh Chumann na mBan. Tá Kathleen Clarke ina suí ar chlé ar fad an grúpa. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (NPA CNB) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000276947**



HUGH O'BRIEN MORAN,
SOLICITOR.

26 19, GLENTWORTH STREET,
LIMERICK.

March 6th 1917.

RE THOMAS JAMES CLARKE.

Dear Miss Daly,

I now send you the following articles received from Head Quarters, Irish Command, Parkgate, Dublin;- Spectacle Case, Pencil, Stamp Book (7 Stamps) and Knife, which please hand to Mrs Clarke.

The Authorities state that those were the only Articles which were on the Deceased's possession at the time of his death.

Yours faithfully,

Hugh O'B Moran

Miss Madge Daly,
Sarsfield Street,
Limerick.

Litir ón 6 Bealtaine 1917 ó Hugh O'Brien Moran, dlíodóir, chuig Madge, deirfiúr Kathleen, in éineacht le maoin phearsanta Tom Clarke tar éis dó a bheith curtha chun báis. Ghlac Madge leis na giuirléidí thar ceann a deirféar. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin litir seo (MS 49,355/10/1) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000515752**

## Baintreach Éirí Amach

na Cás ca 191 6Cuireadh Kathleen Clarke i bpríosún i gCaisleán Bhaile Átha Cliath nuair a theip ar Éirí Amach na Cásca 1916. Scaoileadh saor í in am chun a fear céile Tom a fheiceáil sular cuireadh chun báis é ar an 3 Bealtaine 1916. D'fhill sí ar Chill Mhaighneann an oíche dar gcionn chun slán a fhágáil lena deartháir Ned Daly, a cuireadh chun báis ar an 4 Bealtaine.

Ghoill bású a fir chéile agus a dearthár go mór ar Kathleen Clarke. Bhí triúr páistí aici, agus bhí sí ag súil le páiste eile ag an am ach níor inis sí é sin dá fear céile nuair a chonaic siad a chéile den uair dheireanach. Buaileadh go dona breoite í tamall gearr ina dhiaidh sin agus chaill sí an leanbh. Tar éis a mbás, bhí baint lárnach aici in eagrú fóirithinte do chleithiúnaithe na bpoblachtach ar fad a cuireadh i bpríosún i ndiaidh Éirí Amach na Cásca. D'áitigh Clarke ar Chumann na mBan tús áite a thabhairt de chuimhneacháin cheannairí an Éirí Amach, a cuireadh chun báis. Dhírigh an eagraíocht isteach ar léirsithe poiblí ar son na bpríosúnach poblachtach. Chomh maith leis sin, d'eagraigh siad searmanais chun fáilte a chur roimh mhíleatacha a bhí ag teacht abhaile ón bpríosúin sa Bhreatain agus in Éirinn.


## Eagarthóir Carthanachta

Go luath i ndiaidh chur chun báis a fir chéile, bhunaigh Kathleen Clarke an Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann (IVDF) chun airgead a bhailiú ar son na dteaghlach a chaill a muintir le linn Éirí Amach na Cásca nó ar cuireadh chun báis iad ina dhiaidh. I mí Lúnasa 1916, rinneadh cónascadh idir an IVDF agus Eagraíocht Chabhrach Náisiúnta na hÉireann chun Ciste Náisiúnta Cabhrach na hÉireann do Chleithiúnaithe na nÓglach (INAAVDF) a bhunú. D'fhan Clarke mar uachtarán ar an eagraíocht nua cónasctha.

I mí Feabhra 1921, chuidigh Clarke le bunú Chros Bhán na hÉireann a dháil amach an t-airgead a bhailigh an charthanacht An Coiste Meiriceánach um Chabhair in Éirinn. Dáileadh an t-airgead ar shibhialtaigh a bhí gortaithe nó a raibh deacrachtaí airgid acu mar gheall ar Chogadh na Saoirse agus ar Chogadh na gCarad, a thit amach níos déanaí.




Baineadh leas as grianghraf ó 1916 ina léirítear Kathleen Clarke lena cuid mac John Daly, Tom agus Emmet, chun airgead a bhailiú ar son Chiste Cleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (TC 14) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000277561**


Oct 5th 1917
Went to the Sinn Fein Convention to day.
& came home disgusted, I know there were
many there who had been friends of Tom's
but none came near me, except Sean McGarry
for a minute & W. Kelly from Dungannon
I think a great proportion of them
I had a strong feeling that those present &
& myself were not in sympathy with each
other. I felt quite in a foreign element.
First there was Arthur Griffith's opening address
which I must admit was a very clever piece
of work. it gave a history of Sinn Fein from
the beginning to 1917. entirely ignoring its
non-existent period from somewhere about
1908 or 1910 to 1916. also, that the present Sinn Fein
was not passive resistance, or that the
present situation had any relation to
the fight in Easter 1916. he alluded to the men
who had died at Easter in an unattached way.
as brave men, his aim seemed to be that Easter
was more in the nature of an accident in the
history of Sinn Fein, arising from nothing
ending in nothing. Sinn Fein his Sinn Fein
[illegible] contribution


Nótaí lámhscríofa Kathleen Clarke maidir le Tionól Shinn Féin sa bhliain 1917. Luann Clarke go bhfuil sí in 'áit choimhthíoch" agus an fhearg a bhí uirthi faoin gcaoi ar glacadh le hóráid an Chuntaois Markievicz. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad (MS 49,356/2) ag **https://catalogue.nli.ie/Record/vtls000311875**

## Feachtasóir

Rinne Kathleen Clarke feachtasaíocht ar son chearta na mban le linn gairmréim pholaitiúil. Leis an rún a mhol sí ag tionól Shinn Fhinn i mí Dheireadh Fómhair 1917, cinntíodh go raibh comhchearta na mban mar chuid de pholasaí an pháirtí. Toghadh ceathrar ban ar an gCoiste Feidhmiúcháin an bhliain sin: An Chuntaois Markievicz, Clarke, Kathleen Lynn agus An Chuntaois Plunkett. Ar an deireadh seachtaine céanna, bhí a ceathrú tionól bliantúil ag Cumann na mBan agus toghadh Clarke ar an gCoiste Feidhmiúcháin. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann na dTeachtaire, a raibh sé mar sprioc acu a chinntiú go dtoghfaí mná ar gach bord poiblí agus ar na comhlachtaí ar fad laistigh d'eagraíocht Shinn Féin.

## Príosúnach


Idir 1918 agus 1919, chaith Kathleen Clark naoi mí i bPríosún Holloway i Londain, príosún le haghaidh na mban amháin, mar gheall gur cuireadh ina leith go raibh baint aici leis an 'gComhcheilg Ghearmánach'. Ós rud é gur mháthair í agus triúr páistí óga aici, cáineadh a coinneáil go géar in Éirinn agus thar lear. Nuair a bhí Clarke sa phríosún thug a deirfiúracha aire dá páistí i Luimneach. Agus í in Holloway dhiúltaigh sí bia príosúin a ithe. Buaileadh go dona tinn í agus tháinig taom croí uirthi sular scaoileadh saor í i mí Feabhra 1919. Leis an seal a chaith sí sa phríosún, daingníodh a clú i measc an phobail mar phoblachtach diongbháilte. Tugadh saoirse Chathair Luimnigh di agus í fós ina príosúnach.


MS 35,294/3/14


34 Westmoreland St
21-8-18

Dear Lord Mayor

As you are aware I was granted permit unconditionally & returned here last Sunday morning. I am not much the worse for experience, though I have to go slowly still. I expect to be in Portmarnock this week end. I feel much


indebted to you for your great personal kindness & valuable help. I feel sure but for the protests made that the Government would gladly have let me remain interned until I was interred.

I am gravely anxious about Mrs Clarke's health — she is critically ill & ought not to be kept in prison in her condition. I hope



something can be done for all these prisoners. It is scandalous to keep them locked away without the slightest charge being made against them.

Sincerely yours
H. S. Skeffington

Litir dar dáta 21 Lúnasa 1918 ó Hanna Sheehy-Skeffington go Laurence O'Neill Ardmhéra Bhaile Átha Cliath ina luann sí an t-imní atá uirthi faoi sláinte Kathleen agus í sa phríosún. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS, 35,294/3/14 ) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000146809**

## Ionadaí Tofa

Mar bhall ceannasaíochta i Sinn Féin agus mar bhaintreach ó 1916, bhí an-rath ar Clarke nuair a sheas sí sna toghcháin i mBardas Bhaile Átha Cliath agus i dtoghcháin náisiúnta le linn Chogadh na Saoirse in Éirinn. Toghadh í mar chomhairleoir de chuid Bhardas Bhaile Átha Cliath sna bardais ar an gCé Adhmaid sa bhliain 1919. Agus í tofa, rinne sí feachtasaíocht chun go n-aithneofaí rialtas Shinn Féin go hoifigiúil, bhí sí mar bhall de bhord Ospidéal Leanaí Shráid Fhearchair agus bhí sí mar chathaoirleach ar choiste na mbéilí scoile. Chaith Clarke tréimhse ag obair i gCúirteanna na Dála, áit a raibh sí mar uachtarán ar Chúirt an Choinsiasa agus ar chúirt na bpáistí. Toghadh Clark sa Dara Dáil ar son dáilcheantar Bhaile Átha Cliath Láir sa bhliain 1921.



Mountjoy Ward Municipal Election
15th JANUARY, 1920.

STRIKE A BLOW FOR
IRISH INDEPENDENCE
BY SUPPORTING THE FOLLOWING
SINN FEIN AND LABOUR CANDIDATES

BYRNE, JOHN, Electrician, 582 North Circular Road.
CLARKE, KATHLEEN, Richmond Ave., Fairview (Widow of late Tom Clarke, who was executed Easter, 1916).
O'SHEA-LEAMY, LILLIE, Shopkeeper, 78a Summerhill.
MAHON, PATRICK, Printer, 71 Summerhill (Chairman City of Dublin Technical Education Committee).
O'MAOILFHINN, JAMES, Provision Merchant, 107 Summerhill.
SLATER, MICHAEL, Brass Finisher, 41 Summerhill Parade (President Brassfounders' Society).
TOOMEY, JOSEPH, Engineer, 31 Clonliffe Avenue (Member Amalgamated Society of Engineers).

THE ABOVE CANDIDATES ARE PLEDGED TO CARRY OUT THE SINN FEIN MUNICIPAL PROGRAMME:—
(1) TO SECURE THE EXPENDITURE INSIDE IRELAND OF THE RATES RAISED IN IRELAND.
(2) TO SECURE EFFICIENCY AND PURITY OF ADMINISTRATION.
(3) TO ESTABLISH THE PRINCIPLE OF FREE AND OPEN COMPETITION FOR PUBLIC APPOINTMENTS.
(4) TO CARRY INTO EFFECT THE DEMOCRATIC PROGRAMME APPROVED BY THE ELECTED REPRESENTATIVES OF IRELAND.

Vote Early and Solid for this Republican Ticket.


DIA SAOIR ÉIRE.

IRISH PAPER.] [TRADE UNION LABOUR.

Lámhbhille ó thoghchán bardasach Bhaile Átha Cliath ar an 15 Eanáir 1920 le haghaidh Barda Mhuinseo. Iarrtar ar vótálaithe 'buille a thabhairt ar son neamhspleáchas na hÉireann' agus vóta a chaitheamh ar son iarrthóirí Shinn Féin agus an Lucht Oibre. Toghadh Clarke sa toghchán Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin bpóstaer seo (EPH C75) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000506620**

## Duine i gcoinnean Chonartha

Bhí Kathleen Clarke go mór in éadan théarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh. Mar Theachta Dála agus mar bhall de Choiste Seasta Shinn Féin, bhí an-údarás lena tuairimí le linn díospóireachtaí faoin gConradh. Bhí sí suite de nach dtabharfar 'an cineál saoirse a raibh mé ag súil léi' sa Chonradh agus ní raibh sí sásta glacadh le socrú ar bith seachas an phoblacht ar maraíodh a fear céile ar a son. Chaith sí vóta i gcoinne an Chonartha sa Dáil ar an 7 Eanáir 1922 agus chaill sí a suíochán sna toghcháin i mí an Mheithimh 1922.
In ainneoin go raibh sí mar chathaoirleach ar chainteanna idirbheartaíochta a bhí dírithe ar chogadh cathartha a sheachaint, bhí ról gníomhach ag Clarke nuair a thosaigh an troid, i gCumann na mBan agus san IRA araon, dhá eagraíocht a bhí i gcoinne an Chonartha, i gcúrsaí cumarsáide, lóistíochta agus tiomsaithe airgid.



Mrs Tom Clarke's speech against the Treaty, Dail Eireann, 22/12/21

I rise to support the motion of the President to reject this ~~Tr~~ Treaty,.It is to me the simple question of right or wrong, To my mind it is a surrender of all our national ideals, I came to the first meeting of this session with this feeling strong upon me,and I have listened carefully to all the arguments in favour of the Treaty, But the only thing I can say of them is;maybe there is something in them: I cant see it.Arthur Griffith said he had brought back peace with England and freedom to Ireland.
I can only say it is not the kind of freedom I have looked forward to,and if this Treaty is ratified,the result will be a divided people,the same old division will go on,those who will enter the British Empire and so England's old game of divide and conquer goes on, God, the tragedy of it, I was deeply moved by by the statement of the Minister for Economics on Monday, Listening to him I realised more clearly than ever before the very grave decision ~~decision~~ put up to our plenopotentiaries, My sympathy went out to them,I only wish other members of the Delegation had taken the same course. having signed the document,bring it home and let An Dail reject or ratify on its merits, We were told by one deputy on Monday,with a stupendous bellow,that this was a stupendous achievement, Well if he means as a measure of Home Rule,I will agree it is, It is the biggest Home Rule Bill we have been offered,and it gives a novelty in the way of a new kind of official representing his Majesty King George V. name yet to be decided, If England is powerful enough to impose on us Home Rule, Dominion,or any other kind,let her do so,but in God's name do not accept or approve it- no more than you would any other Coercion Act, I heard big strong military men say here they woul vote for this Treaty, which necessarilly means taking an Oath of Allegiance,and I tell those men there is not power enough to forn me,nor eloquence enough to influence me in the whole British Empire into taking that Oath,though I am only a frail scrap of humanity, I took an Oath to the Irish Republic,solemnly,reverently,meaning every word of it, I shall never go back from that, I too can go back to 1916, Between one and two o'c in the morning of May 3rd,I,a prisoner in Dublin Castle,was roused from my rest on the floor,and taken under armed escort to Kilmainham Jail to see my husband for the last time, I saw him,not alone, but surrounded by British soldiers, He informed me he was to be shot at dawn, Was he in despair? Not he, His head was up;his eyes flashing,his years seemed to have slipped from him; victory was in every line of him; Tell the Irish people " he said";that I and my comrades believe we have saved the soul of Ireland ,We believe she will never lie down again until she has gained absolute freedom, And,though sorrow was in my heart,I gloried in him,and I gloried in the men who have carried on the fight since, every one of them, I believe that even if they take a wrong turn now,they will be brave enough to turn back when they discover it, I have sorrow in my heart now,but I don't despair; I never shall, I still believe in them.

Tras-scríobh den óráid a thug Kathleen Clarke sa Dáil ar an 22 Nollaig 1921 inar thacaigh sí le rún Éamon de Valera go ndiúltófaí leis an gConradh. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (MS 49,883/42) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000649344**

## Cosantóir

Cé gur thaobhaigh Kathleen Clarke leis an dream a bhí i gcoinne an Chonartha le linn Chogadh na gCarad, ghlac sí leis an Saorstát nua in imeacht ama. Ina dhiaidh sin, lean sí ar aghaidh leis an obair shóisialta aici. Thug sé faoi thuras go Meiriceá chun airgead a bhailiú ar son Chiste Náisiúnta Cabhrach na hÉireann do Chleithiúnaithe na nÓglach sa bhliain 1924 agus ghlac sí ballraíocht ar bhord Chumann na nUaigheanna Náisiúnta. Ó thaobh na polaitíochta de, bhí Clarke ar dhuine de na baill a bhunaigh Fianna Fáil, páirtí polaitiúil Éamon de Valera, sa bhliain 1926. Toghadh í chun na Dála thar ceann Bhaile Átha Cliath Thuaidh i mí an Mheithimh 1927, sular oibrigh sí sa Seanad ón mbliain 1928 go dtí 1936, agus bhí sí ar an gcéad bhean a ceapadh mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1939. In ainneoin gur easaontaigh sí go láidir le de Valera maidir leis an dearcadh frithbhanda a bhí léirithe i mbunreacht 1937, d'fhan sí sa pháirtí go dtí an bhliain 1943.

Chosain Kathleen Clarke clú a fir céile go láidir i gcónaí. Mhaígh sí i gcónaí gurbh é Tom Clarke an chéad uachtarán ar an rialtas sealadach, seachas Pádraig Mac Piarais. Sa tréimhse roimh chomóradh tábhachtach chaoga bliain Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1966, ghlac sí ceannasaíocht ar fheachtas poiblí chun go n-aithneofaí uachtaránacht a fir chéile. Bhog sí go Learpholl le bheith in éineacht lena mac Emmet sa bhliain 1965.




Grianghraf ón mbliain 1941, ina léirítear Clarke agus í mar an chéad bhean le bheith mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina suí i lár an ghrúpa agus cóta fionnaidh, spéaclaí agus hata uirthi. Bhí sí meáite ar rian ar bith d'iarúdarás na Breataine a ghlanadh amach as a hoifig, agus baineadh portráidí de mhonarcaí na Breataine anuas ó bhallaí Theach an Ardmhéara. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (NPA SHE78) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000671008**

## Conclúid

Ba phríomhpholaiteoir, míleatach agus feachtasóir sóisialta í Kathleen Clarke le linn thréimhse na réabhlóide in Éirinn. Ba bhaintreach í ón mbliain 1916, bhí sí mar mháthair ag triúr páistí, tiomsaitheoir carthanachta agus poblachtach go smior ba ea í, agus chuidigh sí le bunú eagraíochtaí tábhachtacha le linn na tréimhse seo, ar nós an Ciste do Chleithiúnaithe Óglaigh na hÉireann, Cumann na mBan agus Cros Bhán na hÉireann. Tar éis di a cion a dhéanamh ar son saoirse na hÉireann mar chúiréir i rith Chogadh na Saoirse, throid sí ar a dtaobh siúd a bhí i gcoinne an Chonartha i gCogadh na gCarad. Mar pholaiteoir, bhí sí mar chomhairleoir de chuid Bhardas Bhaile Átha Cliath ar feadh i bhfad, agus toghadh sa Dara Dáil í. Agus í in éadan an Chonartha Angla-Éireannaigh 1921, labhair Clarke go paiseanta le linn na ndíospóireachtaí faoin gConradh agus chaith sí vóta ina aghaidh. Ina dhiaidh sin, bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Fhianna Fáil, ina Teachta Dála agus ina seanadóir sula raibh sí ar an gcéad bhean a ceapadh mar Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Bhain Clarke leas as an seasamh poiblí a bhí aici le feachtasaíocht a dhéanamh ar son an athraithe shóisialta. Sheas sí ar son cheart na mban, cheart na n-oibrithe agus theastaigh uaithi go gcuirfí oideachas agus cúram sláinte ar fáil do leanaí a bhí faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ní b'fhearr. Cé go mbíodh an tsláinte go dona aici go minic, bhí Kathleen Clarke meáite ar chlú a fir chéile a chosaint, go dtí lá a báis sa bhliain 1972.

## Baintreach 1916, máthair do triúr páistí, bailitheoir ar son carthanachtaí agus poblachtach



17 Serpentine Road,
Ballsbridge,
Dublin 4.

Copy

August 19th, 1965.

Dear Eamon,

Having read your letter of the 6th inst., I feel that a frank and friendly discussion is both desirable and useful.

We are both in full agreement that Tom Clarke cared nothing for personal honours and that vanity had no place in his mind. His one ambition was to free Ireland from foreign domination.

I believe that we are both very anxious that no avoidable controversy should be allowed to arise which might mar the fitting celebration of the fiftieth anniversary of the Rising.

The proposed issuing of a coin or medal with Pearse's head on it is bound to lead to a needless public controversy for this would imply that Pearse was President. In the interest of historical accuracy this implication could not be allowed to pass unchallenged.

When the Military Council met before the Rising to sign the Proclamation three positions were created:- Tom Clarke, President, P.H.Pearse Commander-in-Chief and James Connolly, Commander of Dublin Immediately after the meeting Tom Clarke told me what had happened at the meeting and he seemed very happy that his comrades thought so much of him. Again in Kilmainham Jail, a few hours before his death, he told me that when they arrived at the G.P.O. to take over, the other signatories with him stood back for him to shoot the lock in his position as President. Would a man of his character have told me that if it had not been so? Anyone knowing Tom Clarke or had the least knowledge of his life's work or his outlook would understand that he was not a man to resign to another the responsibilities of his Office. No dedicated man would do so; Tom Clarke was most certainly a dedicated man. You may notice how completely at variance his statements were with that in your letter in which you assert that he refused to be named President.

In my capacity as official confidant of the Supreme Council of the I.R.B. I was given detailed information of all their decisions and plans and the names of the people with whom I should communicate in the event of the members of the Supreme Council or the Military Council all being arrested or killed. I had to commit all this information accurately to memory. They were determined that the work would go on even if they were all dead.

/Over ...

Litir ón 19 Lúnasa 1965 ó Clarke chuig 'Eamon' ina luann sí an ról a bhí aici féin in Éirí Amach na Cásca agus ina n-iarann sí air aitheantas cuí a thabhairt do cheapachán a fir céile mar Uachtarán an Rialtais Shealadaigh sa bhliain 1916. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin litir seo (MS 49,883/33/8) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000769145/HierarchyTree#page/1/mode/1up**

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland

**Faigh tuilleadh eolais amach faoi chlár Nochtadh na Staire ag:**

**nli.ie/RevealingHistory.aspx**